

Réamhaiste

Seán Mac Mathúna - An Gearrscéalai

Is dócha gur fíor a rá gurb é an gearrscéal nó an ficsean gearr an ghné liteartha próis is fearr a saothraíodh sa Ghaeilge le céad bliain anuas. Ba é an Píarsach, agus Pádraic Ó Conaire bonn ar aon leis, a chuir cosa i dtaca faoina fheiliúnaí a bhí an gearrscéal nua-aimseartha don scríbhneoir a bheadh ag iarraidh riar cáis a shamhlaíochta a bhaint amach sa Nua-Ghaeilge.

Ba thráthúil, leis, mar a tharla athbheochan scríbhneoireacht chruthaitheach na Gaeilge díreach ag an uair go rabhthas ag tabhairt an ghearrscéil chun foirfeachta go hidirnáisiúnta mar fhoirm liteartha. Níor leis an bPíarsach ná le Ó Conaire ab fhaillí é. Rinne siad a gcuid féin den ghearrscéal agus d'fhág eiseamláirí ar fónamh dóibh siúd a lean dá scríobh. Agus ní miste a mhaíomh gur éirigh le scríbhneoirí ó shin saothar ar

fónamh a dhéanamh sa ghearrscéalaíocht. D'fhág an chuid is fearr orthu rian suntasach dílis dá léamh ar an saol agus ar an duine sa bhfoirm sin, sa chaoi go bhfuil traidisiún gearrscéalaíochta Gaeilge againn a bhfuil saibhreas agus éagsúlacht fadbhunaithe ann ó thaobh ábhar agus modh inste. Ní haon áibhéil a rá go bhfuil an ghné scríbhneoireachta seo tugtha chun barr feabhais ag Seán Mac Mathúna.

Más í an chathair ghríobháin do-eolais is dán dúinn ar an saol seo, 'tiomáint an éigin is flaitheas na ngnás folamh', mar a chuir Máirtín Ó Direáin in iúl é, cuireann an scríbhneoir ina aghaidh seo trína mhacasamhail de ghábh, de ghéibheann a shamhlú nó a chruthú agus a chur i láthair, agus trína ghníomh ealaíonta tugann sé é féin agus an léitheoir tríd an ngábh sin - má éiríonn lena gcaidreamh cruthaitheach. Ní théann gníomh seo na samhlaíochta i gcion go díreach ar an saol iarbhír, ar an leagan amach polaitiúil nó reiligiúnda ar ndóigh, ach is gníomh siombaileach dúshlánach é ar sólas d'ionracas spride an duine é. Ní hea amháin go dtugann an dea-ghearrscéalaí cur síos ar imbhuailtí an tsaoil ar an duine, ach ionchollaíonn sé agus

dearbhaíonn sé gearán nó casaoid na spride in aghaidh na turrainge céanna sin. Tugann sé timthriall na beatha chun críche laistigh de dhéantús an ghearrscéil. Is é an t-eispéireas neamhghnách seo atá romhat istigh i ngach eachtra shuntasach gearrscéalaíochta, an gliondar úd a thugann le fios nach bhfuil do shúil amú, go bhfuil seasamh an fhóid agat sa bhlúire scríbhneoireachta seo, gur comhlíonadh an gheallúint, gur dúisíodh agus gur sásaíodh d'acmhainn cinn agus croí, gur saighdeadh d'fhiosracht agus go bhfuair tú freagra. A chruthúnas sin an drithlín faoin ggraiceann, an deann aobhnis a dhúisítear le gach léamh ar fónamh ar an ngearrscéal maith, téacs ar toradh é ar an ionradh sin ar an tost, ar an idirghabháil bhisiúil idir toibreacha na samhlaíochta, agus na seifteanna teanga agus scéalaíochta is cuibhiúla ag an scríbhneoir, a bhfuil Mac Mathúna ina mháistir orthu, chun na toibreacha úd a ligean amach chun leasa sa saothar dea-chumtha.

Más cúram de chúraimí neamh-chomhfhiosacha an scríbhneora chruthaithigh é cúiteamh a thabhairt i dtarcaisne agus i leatrom an tsaoil, tomhais a láimhe féin a thabhairt do

dhúchinniúint an duine, baineann sin ar shlí faoi leith leis an scríbhneoir Gaeilge, i bhfios nó i ngan fhios dó, sa mhéid gur de bhunghnó a shaothair ní hé amháin a choinsiasacht aonair ealaíonta a dhearbhú ach coinsiasacht chomónta an duine a dhearbhú chomh maith. Brúnn an tsamhlaíocht sa saothar liteartha is fearr, sna gearrscéalta seo ag Seán Mac Mathúna, in aghaidh an chinsil, in aghaidh na tuairime coitianta. Is í sprid an duine ina lándúiseacht í. Tagann sciatháin faoin bprós agus crochann siad an léitheoir chun siúil i dtreo na síoraíochta nó 'go háit ná feadar.' Tá an fuinneamh neamhghnách seo ina orlaí trí chumadóireacht Mhic Mhathúna.

Beireann sé ina chuid focal ar an ócáid annamh sin a bhfuil faobhar ar leith brí uirthi in insint scéil, an radharc nó an eachtra ghrinnchúiseach sin ar léaspairt é ar chora meoin agus iompair an duine. Cuireann siad iachall ort iad a athléamh ar ball, fanann siad ag rámhailt trín intinn. Ar nós na scríbhneoireachta is fearr, cuireann siad ar do chumas a bheith beo ar shlí eile, saol eile a chaitheamh. Is méadú ar do mheanma nó ar do mhímheanma, agus gan amhras, ar uairibh, ar d'alltacht iad.

Scríobh Theodor Adorno: 'For a man who no longer has a homeland, writing becomes a place to live'. Is geall le scríbhneoir gan talamh dúchais an scríbhneoir Gaeilge, ach thioctadh leis an léitheoir atá ar deoraíocht ina theannta bheith istigh tamall a fháil i ndúthaigh shamhalta seo Mhic Mhathúna, teacht ar thaobh na fothana tamall. Tá talamh slán curtha ar fáil dó in eachtra seo a chuid scéalaíochtasan. Tá sintéis bhreá sna scéalta anseo idir cruinneas, paisean agus áilleacht focal agus iad faoi réir ag eagar na samhlaíochta agus na deise labhartha. Tagann cuid dá dhraíocht focal aniar aduaidh ort lena slacht agus lena dteacht i láthair agus fágtar thú faoi iontas nó faoi alltacht. Nó dorchaíonn ar an teanga agus tumtar an léitheoir i nduibheagán na féintuisceana. 'D'éist Bagnall lena phionta agus na mílte cloigíní sa chúr á leá is á mbáthadh - amhail is a bhí anamacha na marbh ag gaoch ar uisce.'

Sa ghearrscéal bíonn fócas amháin go hiondúil. Cruinnítear eilimintí uile an scéil - an plota, na carachtair, an stíl, tuin nó blas an scéil thart ar an aon fhócas nó ar an aon chuspóir amháin sin. 'Because his frame of reference can never be the

totality of human life, he must be forever selecting the point at which he can approach it...since a whole life must be crowded into a few minutes, those minutes must be carefully chosen indeed and lit by an unearthly glow, one that enables us to distinguish present, past and future as though they were all contemporaneous.' (Frank O'Connor, *The Lonely Voice*). Thug Mac Mathúna an bua sin leis ó dhúchas agus chuir barr slachta air i gcás mórán gach scéal dá chuid.

Cúram coitianta i scéalta Mhic Mhathúna an ghéarbhraistint leochailleach do rudaí a bheith ag teacht chun críche. Sampla déanta de seo is ea an chéad scéal anseo *An Seamlas*, nó Oileán na nGé mar a thugtaí ar chlós maraithe beithíoch ar bhaile tuaithe áirithe, tráth dá raibh. Tugann buachaill, atá ag teacht in oirbhirt, a pheata madra galrach ann, le súil go lámhachfaidh búistéir an tseamlais, seanchara a athar nach maireann, dó é. Ach fágtar faoin mbuachaill féin an gníomh barbartha a dhéanamh. Cuid dá theacht in aois é. Sea, tá rudaí ag tarraingt chun críche - óige an bhuachalla ina measc. Tá an t-am féin ina stad, dar leis an mbuachaill, ach tá sé féin ag fás suas agus tá

athrú á thuar i gcúrsa a shaoil nach dtuigeann sé - go fóill. Na francaigh a shnámhann leo go masmasach tríd an seamlas is fórsa díobhálach gránna iad agus tá an ghrian féin chomh neamhairdiúil céanna i gcás an bhuachalla. Ní hé an buachaill céanna, dá mhéid a dhúil i bpíóg úll agus uachtar sa bhaile, a fhágann an seamlas tráthnóna agus é siúd a tharraing a mhadra doicheadallach isteach ann ar maidin 'mar nach raibh aon éalú as Oileán na nGé'.

Ciall cheannaigh chomh maith a léirítear in *Leaca an Tí Mhóir*, athléamh coscrach ar an seanfhocal. Tá réimse iontach scéalaíochta sa roghnú anseo a léiríonn fairsinge chumadóireachta agus faobhar scéalaíochta Sheáin Mhic Mhathúna. Ní bogléitheoireacht aon cheann dá scéalta, go fiú na trí scéal go bhféadfaí fantaisíocht a lua leo - *Na Quizmháistrí, Aos Ifrinn agus Tuatha Dé Danann*. Tá tinneas éigin meabhrach sna scéalta seo, éirim den ghalar buile a shuíonn ar ghualainn cháich ach a fhanann socair de ghnáth, scáil den éidreoir, den éalang chinn a thugann radharc seachránach forbhásach ar chúrsaí an tsaoil. Ar shlí, dob fhéidir cuingir scéal a thabhairt ar

Ding agus ar Sodar Breá Bog go Cluain Uí Eachaigh. Fear óg i ngach cás a fhoghlaimíonn ceacht de cheachtanna an tsaoil, a nochtar mioscais agus urchóid an tsaoil atá roimhe amach dó, a thuigeann, gach duine ar a shlí féin, nach mar a síltear bítear.

Scéal áirithe ar fad é *Gadaithe* faoi bhás scéalaí i gceantar Gaeltachta ach is scéal é a bhfuil go leor ag broidearnach ann seachas sin...bás na scéalaíochta traidisiúnta Gaeilge - éagann an seanchaí i lár scéil atá sé a insint dá gharmhac - cruachás na Gaeilge agus meathlú na teanga sin i gceantar éigin i gCúige Mumhan, uair sin na cinniúna nuair a chastar ar an mBéarla d'aon úim. Ach éiríonn le Mac Mathúna an scéal seo a ardú os cionn na tubaiste áirithe laethúil sin go críocha eile, go dtí an ghéarthuiscint do bhris an daonnaí i gcoitinne.

Tá reitric faoi leith, inbhéartú teanga neamhghnách i gceist ón gcéad abairt. Teanga faoi chulaith stíle ar leith a oibríonn Mac Mathúna ó thús deireadh an scéil seo: í údarásach, barántúil, reitric uasal mhaorga atá i bhfeiliúint do thromchúis an ábhair.

Mar is dá thréithiúlacht mar scríbhneoir, rud a thugann seasamh faoi leith dó, an cúram ceannasach a dhéanann Mac Mathúna den teanga. Is geall le personae i ndráma an-fhoirmeálta iad muintir an scéil seo. Labhraíonn gach duine acu in ard a chinn is a ghutha - is aitheasc nó óráid róghreanta gach ráiteas a ligeann na daoine seo astu. Ní ag comhrá atá na daoine seo ach is amhlaidh atá siad ag agallamh a chéile, ag agallamh an tsaoil agus ag agallamh na staire. Iad ag labhairt go holagónach in éadan uaigneas na spéire agus an ghleanna ar comharthaí iadsan ar a scoiteacht agus ar a leochailleacht féin - 'an ghaoth aduaidh am leathadh is an bás ins an spéir', más maith leat. Caint ard mhaorga, faoi mar ba leasc leis an údar ligean don racht dul i léig.

Cuid de chúram Mhic Mhathúna ceol focal oiriúnach seo an scéil a sheinm ar airde ar leith ó thús deireadh. Agus is é atá deas air. Ba dheacair an eachtra áirithe seo scéalaíochta a shamhlú ar aon airde eile. D'aimsigh sé a chómhaith de theanga, iarracht chuthaigh focal, roscadh file, culaith ghaisce ar leith a thugann dúshlán an léitheora ón gcéad anáil, farasbarr éachtach cainte

ann ón gcéad inbhéartú faoi mar a bheifí ag iarraidh bris
thubaisteach an scéil a chúiteamh. Mar chúlra le tórramh
Daideo, an seanscéalaí, tá an Ghaeilge ag bagairt chun báis sa
ghleann. Tuigeann an buachaill nach gcríochnófar scéal an
Ghadaí Rua go brách. Tá rudaí thar a thuiscint ag titim amach:
bás a Dhaideo, bás na scéalaíochta. Ach dá dhorcha dubhach
mar chúrsa é snoíonn Mac Mathúna ina scéal álainn aduain é
le barr cumais a scéalaíochta.

Eoghan Ó hAnluain